AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.10.2026
COM(2026) 529 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

an Séú Tuarascáil Bhliantúil maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh

{SWD(2026) 290 final}

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

an Séú Tuarascáil Bhliantúil maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh

RÉAMHRÁ

Is í an Tuarascáil seo an séú Tuarascáil Bhliantúil ón gCoimisiún Eorpach ar chur i bhfeidhm Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le Scagadh Infheistíochta Dírí Coigríche (IDC) (an 'Rialachán maidir le Scagadh IDC' nó an 'Rialachán').

Cumhdaíonn an Tuarascáil an bhliain 2025 agus soláthraíonn sí trédhearcacht maidir le hoibriú scagadh IDC san Aontas agus maidir le forbairtí ó thaobh sásraí náisiúnta um scagadh de. Cuireann sí le cuntasacht an Aontais i réimse nach féidir agus nach iomchuí trédhearcacht a bheith ann maidir le hidirbhearta aonair, i bhfianaise na leasanna slándála atá i gceist.

Tá sí bunaithe ar thuarascálacha ó na 27 mBallstát agus ar staidreamh oifigiúil, agus tá ceithre chaibidil ann:

- Caibidil 1 maidir le treochtaí agus figiúirí i dtaca le IDC san Aontas;
- Caibidil 2 maidir le forbairtí reachtacha sna Ballstáit;
- Caibidil 3 maidir le gníomhaíochtaí um scagadh IDC arna ndéanamh ag na Ballstáit;
- Caibidil 4 maidir le sásra comhair an Aontais um scagadh IDC.

Is uirlis thábhachtach trédhearcachta í an tuarascáil bhliantúil seo lena leagtar béim ar threochtaí, ar fhorbairt agus ar ghníomhaíocht maidir le IDC chun an tslándáil agus an t-ord poiblí san Aontas a áirithiú.

CAIBIDIL 1 – INFHEISTÍOCHT DHÍREACH CHOIGRÍCHE ISTEACH SAN AONTAS EORPACH

1. Éabhlóid fhoriomlán[1]

Tháinig méadú 8,9 % ar stoc na hinfheistíochta dírí coigríche (IDC) [2]idir 2024 agus 2025. Tháinig méaduithe carnacha bliantúla 12 % (ó 20 695 go 23 078) agus 6,9 % (ó 27 069 go 28 930) faoi seach ar chumaisc agus éadálacha coigríche agus ar thionscadail úrnua, mar a léirítear leis na barraí i bhFíor 1. Tá an méadú sin comhsheasmhach leis na treochtaí a tugadh faoi deara ó bhí 2016 ann, agus méadú leanúnach de thart ar 5 200 infheistíocht dhíreach choigríche ar an meán gach bliain tagtha ar an stoc IDC isteach in AE27 le linn na tréimhse 10 mbliana sin. Ag féachaint ar an treocht charnach sin de réir an chineáil IDC, fuair AE27 2 308 margadh cumasc agus éadálacha coigríche ar an meán agus 2 893 infheistíocht úrnua gach bliain idir 2016 agus 2025. Deimhnítear leis na treochtaí carnacha dearfacha sin oscailteacht an Aontais d'infheistíochtaí coigríche, rud a léiríonn a tharraingtí atá Margadh Aonair an Aontais d'infheisteoirí idirnáisiúnta.

Fíor 1: Stoic agus sreafaí IDC bliantúla 2016-2025 isteach in AE27 (líon na margaí agus na dtionscadal)



Foinse: Léirmhíniú JRC bunaithe ar shonraí Bureau van Dijk, arna n-asbhaint an 22 Feabhra 2026 ó Orbis M&A agus Orbis Crossborder Investment. Comhfhreagraíonn na sonraí do 2016 do na sreafaí IDC in 2016, agus comhfhreagraíonn na sonraí a léirítear sna barraí do na blianta ina dhiaidh sin do shuim charnach na sreafaí bliantúla.

[1] Dírímid ar líon na n-idirbheart IDC mar tháscaire sa chaibidil seo toisc go bhfuil sonraí maidir le luachanna IDC in easnamh i gcás céatadán mór de na hidirbhearta agus de na tionscadail i mbunachair sonraí Orbis M&A agus Orbis Crossborder Investment.

[2] Is féidir idirbhearta infheistíochta dírí coigríche a mhiondealú ina n-infheistíochtaí úrnua idirnáisiúnta agus ina gcumaisc agus éadálacha. Is iondúil go mbíonn cruthú cuideachta nua nó bunú saoráidí thar lear i gceist le hinfheistíochtaí úrnua idirnáisiúnta, agus is éard atá i gceist le cumasc nó éadáil idirnáisiúnta úinéireacht sócmhainní atá ann cheana a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíoch a aistriú chuig úinéir thar lear. Cuirtear cumaisc agus éadálacha san áireamh má thugtar le tuiscint leo go bhfaightear bunanna cothromais os cionn 10 % de chaipiteal gnólachta AE27.

Maidir le hinsreafaí iomlána IDC (Fíor 1, línte), níor tháinig ach méadú beag ar líon na margaí agus na dtionscadal IDC le 2 bhliain anuas, méadú 0,1 % ó 2023 go 2024 agus méadú 0,2 % ó 2024 go 2025. Mar sin féin, tá dinimicí éagsúla ann idir margaí cumasc agus éadálacha agus infheistíochtaí úrnua. Tháinig méadú 8,5 % in 2024 ar ghníomhaíocht choigríche cumasc agus éadálacha in aghaidh na bliana i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, agus méadú breise 4 % in 2025. Os a choinne sin, tháinig laghdú 8,3 % ar infheistíochtaí úrnua le linn na tréimhse ó 2023 go 2024, agus laghdú 4,3 % ó 2024 go 2025.

Léiríonn treocht beagnach cothrom bliain ar bhliain na sreafaí IDC isteach a tugadh faoi deara in 2024 agus 2025 a mhalairt de dhinimic idir tionscadail úrnua agus margaí cumasc agus éadálacha. Tar éis an laghdaithe mhóir in 2023, tháinig téarnamh réasúnta tapa ar ghníomhaíocht cumasc agus éadálacha, ach lean infheistíochtaí úrnua de bheith ag crapadh. Tugann an éagsúlacht sin le fios go bhfuil athrú ó bhonn tagtha ar IDC i dtreo cumaisc agus éadálacha seachas infheistíochtaí úrnua, i gcomhthéacs na héiginnteachta maicreacnamaíche méadaithe.

2. Príomhthíortha tionscnaimh na n-infheisteoirí coigríche

Léiríonn éabhlóid na margaí coigríche cumasc agus éadálacha idir 2024 agus 2025 patrún measctha ar fud na 10 ndlínse tionscnaimh is mó d'infheisteoirí coigríche (Fíor 2, an chairt ar chlé) agus tháinig méaduithe ar infheistíochtaí cumasc agus éadálacha i sé cinn agus taifeadadh laghduithe i gceithre cinn díobh. Is éabhlóid ilchineálach é an laghdú foriomlán ar líon iomlán na n-infheistíochtaí úrnua a breathnaíodh in 2025 ar fud thionscnamh na n-infheisteoirí coigríche, agus méaduithe taifeadta ag leath de na 10 dtír is mó infheisteoirí agus laghduithe ar ghníomhaíocht infheistíochta ag an leath eile (Fíor 2, an chairt ar dheis).

Fíor 2: Líon na n-éadálacha bunanna cothromais (ar chlé) agus líon na n-infheistíochtaí úrnua (ar dheis) isteach san Aontas in 2024 agus in 2025 de réir dlínse coigríche (na 10 dtír infheisteora is mó)



Foinse: Léirmhíniú JRC bunaithe ar shonraí Bureau van Dijk, arna asbhaint an 22.2.2026 ó Orbis M&A agus Orbis Crossborder Investment. IAECanna: Ionaid Airgeadais Eischósta[3]. RoW: An chuid eile den domhan.

[3]Is iad seo a leanas na príomhionaid eischósta de réir líon na n-idirbheart in 2025 (in ord aibítre): Beirmiúda, Ógh-Oileáin na Breataine, Oileáin Cayman, Lichtinstéin agus Monacó. Le haghaidh liosta iomlán na nIonad Airgeadais Eischósta, féach e.g. Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, 'Following up on the Commission Communication "Welcoming Foreign Direct Investment while Protecting Essential Interests"' [Obair Leantach ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le fáilte a chur roimh infheistíocht dhíreach choigríche agus leasanna fíor-riachtanacha á gcosaint san am céanna] – SWD(2019) 108 final – an 13 Márta 2019.

Bhí na Stáit Aontaithe ar an bpríomhinfheisteoir coigríche in AE27 in 2025, as ar tháinig 30 % de na héadálacha uile (716 mhargadh), agus 38 % d'infheistíochtaí úrnua (699 dtionscadal). Tháinig méadú 8,2 % ar mhargaí cumasc agus éadálacha de thionscnamh na Stát Aontaithe don dara bliain as a chéile, ag ardú 8,2 % in 2025 i gcomparáid le 2024 agus 10 % in 2024 i ndáil le 2023. Tháinig méadú beag bliantúil 0,9 % ar infheistíochtaí úrnua de thionscnamh na Stát Aontaithe in 2025, tar éis laghdú idir 2023 agus 2024.

Ba í an Ríocht Aontaithe an dara dlínse infheisteoirí coigríche ba mhó, arbh ionann í agus 24 % (572 mhargadh) de na héadálacha uile agus 20 % (365 thionscadal) d'infheistíochtaí úrnua isteach san Aontas in 2025. Mar sin féin, d'fhorbair an dá chineál infheistíochta i dtreonna contrártha: cé gur tháinig méadú 9 % ar líon na n-éadálacha in 2025 i gcomparáid le 2024, tháinig laghdú 19 % ar líon na dtionscadal úrnua sa tréimhse chéanna.

Ar fud na ndlínsí infheisteoirí is mó atá fágtha, chonacthas an fás is láidre i margaí cumasc agus éadálacha idir 2024 agus 2025 i gcás na hIndia (+ 42 %), Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (+ 37 %) agus Cheanada (+ 23 %), mar aon le méadú níos measartha i gcás na hEilvéise (+ 4,8 %). Tháinig laghdú ar na ceithre dhlínse infheisteoirí eile, ó 16 % i gcás Ionaid Airgeadais Eischósta (IAECanna) go 10 % i gcás na Síne agus Hong Cong.

I gcás infheistíochtaí úrnua, in éineacht leis na Stáit Aontaithe, taifeadadh méaduithe móra bliantúla i gcás Iosrael (230 %), Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (56 %) agus Cheanada (27 %), agus chláraigh an India ardú níos measartha 3,6 %. Os a choinne sin, tugadh laghduithe faoi deara i gceithre dhlínse eile i dteannta na Ríochta Aontaithe, is iad sin an Eilvéis (27 %), IAECanna (17 %), an tSeapáin (14 %) agus an tSín agus Hong Cong (4,7 %).

3. Na Cinn Scríbe is mó san Aontas le haghaidh Éadálacha Eachtracha

Tháinig méadú ar an líon margaí coigríche cumasc agus éadálacha isteach san Aontas (Fíor 3, an chairt ar chlé) i gcás na 10 mBallstát is mó idir 2024 agus 2025, cé is moite den Spáinn, den tSualainn agus den Pholainn, a thaifead níos lú margaí (Fíor 3, an chairt ar chlé). Os a choinne sin, léirigh treochtaí le haghaidh infheistíochtaí úrnua coigríche de réir cheann scríbe an Bhallstáit (Fíor 3, an chairt ar dheis) patrún níos casta. Tháinig laghduithe bliantúla ar na tíortha is faighteoirí is mó, an Spáinn agus an Ghearmáin, in 2025, ach bhí éagsúlachtaí bliantúla dearfacha ag roinnt de na 10 gceann scríbe eile is mó.

Fíor 3: Líon na n-éadálacha bunanna cothromais (ar chlé) agus na n-infheistíochtaí úrnua (ar dheis) in 2024 agus in 2025 de réir Ballstát cinn scríbe (na 10 bhfaighteoir AE27 is mó)



Foinse: Léirmhíniú JRC bunaithe ar shonraí Bureau van Dijk, arna n-asbhaint an 22 Feabhra 2026 ó Orbis M&A agus Orbis Crossborder Investment. Seasann RoEU27 don chuid eile de AE27.

In 2025, ba iad an Ghearmáin agus an Fhrainc na príomhchinn scríbe le haghaidh margaí coigríche cumasc agus éadálacha, agus bhain 20 % (469 margadh) agus 14 % (339 margadh) de líon iomlán na margaí leo, faoi seach. Thaifead an dá thír rátaí fáis bliain ar bhliain freisin, is é sin 7,8 % agus 8,3 % faoi seach. In 2025, rangaíodh an Iodáil mar an tríú ceann scríbe is tábhachtaí le haghaidh cumaisc agus éadálacha, le sciar 12 % (297 margadh), *inter alia* mar gheall ar mhéadú 27 % bliain ar bhliain ar mhargaí cumasc agus éadálacha. Rangaíodh an Spáinn sa cheathrú háit agus sciar 9 % aici (208 margadh), tar éis laghdú bliantúil 17 % ar an líon éadálacha a fuarthas in 2025.

Chomh maith leis an Spáinn, fuair dhá cheann eile de na 10 mBallstát is faighteoirí, an tSualainn (-17 %) agus an Pholainn (-36 %), níos lú margaí coigríche cumasc agus éadálacha in 2025 i gcomparáid le 2024. Idir an dá linn, thaifead Éire an méadú is láidre ar ghníomhaíocht cumasc agus éadálacha in 2025 (20 %), agus an Ísiltír (5,5 %), an Fhionlainn (5,3 %) agus an Danmhairg (3 %) ina dhiaidh sin.

Ba iad an Spáinn agus an Ghearmáin an dá fhaighteoir infheistíochtaí úrnua coigríche ba mhó in 2025, agus iad ag fáil 19 % (351 idirbheart) agus 16 % (296 idirbheart) de na tionscadail uile faoi seach. Mar sin féin, bhí níos lú infheistíochtaí ag an dá thír in 2025 ná mar a bhí in 2024, le laghduithe 17 % agus 13 %, faoi seach.

Rangaíodh an Fhrainc sa tríú háit le sciar 12 % (215 idirbheart) agus méadú bliantúil 19 % ar thionscadail úrnua in 2025. Thaifead roinnt Ballstát eile méaduithe idir 2024 agus 2025, idir na méaduithe is mó sa Danmhairg (110 %) agus san Iodáil (57 %) agus na méaduithe is lú in Éirinn (1,9 %). Ar deireadh, chonacthas laghduithe bliain ar bhliain ar líon na dtionscadal sa Pholainn (21 %) agus san Ísiltír (5,8 %).

4. Faisnéis a Bhaineann go Sonrach le hEarnáil

Tháinig méadú bliain ar bhliain ar mhargaí coigríche cumasc agus éadálacha i dtrí cinn de na cúig chatagóir earnála is mó[4] (TFC, monaraíocht agus airgeadas) in 2025 i gcomparáid le 2024 (Fíor 4, an chairt ar chlé). Os a choinne sin, níor tháinig méadú ar an líon margaí úrnua coigríche

[4] Tagraíonn na catagóirí a úsáidtear do Struchtúr Leathan NACE Ath. 2, féach: https://ec.europa.eu/eurostat/web/nace-rev2.

ach i gcás ceann amháin de na cúig chatagóir earnála is mó (cóiríocht) in 2025 (Fíor 4, an chairt ar dheis).

Fíor 4: Líon na mbunanna cothromais (ar chlé) agus na n-infheistíochtaí úrnua (ar dheis) in 2024 agus in 2025 de réir earnálacha NACE Ath. 2 (na cúig chatagóir is mó)



Foinse: Léirmhíniú JRC bunaithe ar shonraí Bureau van Dijk, arna n-asbhaint an 22 Feabhra 2026 ó Orbis M&A agus Orbis Crossborder Investment. Seasann GET do ghníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíocha agus teicniúla (NACE Ath. 2, mír M), agus tá saoráidí T&F ann, i measc nithe eile. Seasann TFC d'Fhaisnéis agus Cumarsáid (NACE Ath. 2, mír J). Comhfhreagraíonn Monaraíocht do NACE Ath. 2, mír C. Comhfhreagraíonn Airgeadais do NACE Ath. 2, mír K ('Gníomhaíochtaí airgeadais agus árachais'). Comhfhreagraíonn Miondíol do NACE Ath. 2, mír G ('Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola'). Comhfhreagraíonn Cóiríocht do NACE Ath. 2, mír I ('Gníomhaíochtaí cóiríochta agus seirbhísí bia').

In 2025, tháinig TFC in áit na monaraíochta mar phríomhearnáil na gníomhaíochta déanta comhaontuithe, arb é méadú láidir bliantúil 23 % i gcomparáid le 2024 is cúis léi den chuid is mó, agus bhain sí sciar 27 % amach i ndáil le cumaisc agus éadálacha coigríche (642 idirbheart). Tháinig méadú níos lú 3,4 % ar an monaraíocht in 2025, agus bhí sí sa dara háit le sciar 26 % (630 idirbheart). Rangaíodh gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíocha agus teicniúla (GET) sa tríú háit le sciar 9 %, agus tháinig laghdú beag 0,5 % ar ghníomhaíocht an chomhaontaithe in 2025 i gcomparáid le 2024. Bhí airgeadas sa cheathrú háit (sciar 8,4 %) le méadú bliantúil 12 % in 2025, agus miondíol ina dhiaidh sin (sciar 6,9 %), a raibh laghdú bliantúil 9,3 % i gceist leis.

I gcás infheistíochtaí úrnua, tháinig laghdú bliantúil ar líon na dtionscadal i ngach príomhearnáil seachas ceann amháin (cóiríocht). Bhí gníomhaíochtaí a bhaineann le miondíol i gceist le beagnach aon trian de na tionscadail in 2025, le laghdú 1,2 % (562 idirbheart). Ba í an chóiríocht[5], le méadú bliantúil 108 %, an dara hearnáil ba mhó, le sciar 18 %, a chuaigh thar ghníomhaíochtaí GET, nach raibh rangaithe a thuilleadh i measc na gcúig earnáil is mó in 2025 i gcomparáid le 2024. Rangaíodh monaraíocht le sciar 15 % sa tríú háit, agus bhí laghdú bliantúil 4,8 % i gceist léi, agus rangaíodh TFC ina dhiaidh sin le sciar 9 % agus laghdú 12 %. An t-airgeadas a rangaíodh ar an gceann deireanach le sciar 7 % de líon iomlán na dtionscadal úrnua in 2025 agus laghdú 28 %, an laghdú bliain ar bhliain is géire.

5. Conclúidí

[5] Ó 2025, tá saincheadúnais faoi infheistíochtaí úrnua san áireamh in Orbis, rud a bhfuil tionchar díréireach aige ar Ranna I (Fáilteachas) agus G (Miondíol) de NACE. Cé go bhfuil saincheadúnais eisiata óna staitisticí a chuirtear i láthair, d'fhéadfadh idirbhearta saincheadúnais iarmharacha neamhaitheanta difear a dhéanamh fós do na treochtaí a thuairiscítear sa roinn seo, go háirithe an méadú a thugtar faoi deara in earnáil na cóiríochta.

Lean an stoc IDC isteach san Aontas de bheith ag fás idir 2024 agus 2025, rud a léiríonn insreafaí carnacha seasta le 10 mbliana anuas, agus taifeadadh thart ar 5 200 margadh agus tionscadal IDC bliantúil ar an meán idir 2016 agus 2025. D'fhan sreafaí foriomlána IDC cobhsaí den chuid is mó le blianta beaga anuas, ach bhí treochtaí éagsúla ann ar fud na modhanna infheistíochta. Cé gur tháinig téarnamh ar chumaisc agus éadálacha coigríche in 2024 agus 2025 araon tar éis an laghdaithe a taifeadadh in 2023, lean infheistíochtaí úrnua de bheith ag crapadh sa tréimhse chéanna, cé go raibh sé ar luas níos moille. Tugann an éagsúlacht sin le fios go bhfuil athrú ó bhonn tagtha ar IDC i dtreo cumaisc agus éadálacha seachas infheistíochtaí úrnua, i gcomhthéacs na héiginnteachta maicreacnamaíche méadaithe.

Bhí na Stáit Aontaithe fós ar an infheisteoir coigríche is mó san Aontas in 2025 ar fud infheistíochtaí cumasc agus éadálacha agus infheistíochtaí úrnua araon, agus ina dhiaidh sin bhí an Ríocht Aontaithe. An tráth céanna, neartaigh roinnt dlínsí a láithreacht infheistíochta san Aontas trí chumaisc agus éadálacha, go háirithe an India agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, inar taifeadadh fás bliantúil ar ghníomhaíocht infheistíochta.

Ar fud na mBallstát, bhí an Ghearmáin agus an Fhrainc fós ar na príomhchinn scríbe le haghaidh cumaisc agus éadálacha coigríche in 2025, agus mheall an Spáinn agus an Ghearmáin an líon is mó tionscadal úrnua. Leag forbairtí earnála béim ar thábhacht mhéadaitheach TFC, a tháinig chun cinn mar an phríomhearnáil le haghaidh éadálacha coigríche. Bhí infheistíochtaí úrnua fós dírithe ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le miondíol agus ar sheirbhísí cóiríochta.

CAIBIDIL 2 – FORBAIRTÍ REACHTACHA SNA BALLSTÁIT IN 2025

1. Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le Scagadh IDC agus sásraí um scagadh IDC de chuid na mBallstát den Aontas

Le linn 2025, lean an Coimisiún Eorpach de na Ballstáit sin nach raibh dlíthe maidir le scagadh IDC glactha acu go fóill a spreagadh chun déanamh amhlaidh, chun a áirithiú go mbeidh uirlisí iomchuí ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit uile chun IDCanna a bhfuil rioscaí slándála nó rioscaí oird poiblí ag baint leo a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu.

Thacaigh an Coimisiún Eorpach le hailíniú na sásraí náisiúnta IDC um scagadh agus na gcleachtas scagtha freisin. Chuidigh sé leis na Ballstáit trí threoraíocht theicniúil agus bheartais, trí chruinnithe a eagrú agus trí mhalartú faisnéise a dhéanamh, go háirithe maidir le dea-chleachtais, ach ní hamháin maidir leis sin. Mar sin féin, tá difríochtaí suntasacha fós ann idir sásraí náisiúnta um scagadh, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas: (i) céard is scagadh

foirmiúil ar IDC ann a spreagann fógra don sásra comhair; (ii) amlínte na nósanna imeachta náisiúnta um scagadh; (iii) cumhdach earnála na gcreat náisiúnta um scagadh; agus (iv) ceanglais maidir leis na páirtithe san idirbheart fógra a thabhairt do na húdaráis náisiúnta. Tugadh aghaidh ar na gnéithe sin go léir san athbhreithniú ar an rialachán maidir le scagadh ar infheistíocht dhíreach choigríche (IDC)[6], a glacadh an 17 Meitheamh agus a thiocfaidh i bhfeidhm an 17 Eanáir 2028 (féach freisin caibidil 4, roinn 2 le haghaidh tuilleadh eolais).

2. Forléargas ar shásraí um scagadh IDC de chuid na mBallstát agus ar fhorbairtí reachtacha

Le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus éiginnteacht maidir le forbairtí geopholaitiúla, tá níos mó béime ná riamh á cur ar an ngá atá ann amhábhair chriticiúla, teicneolaíochtaí (ardfhorbartha) agus bonneagar a chosaint. Dá bhrí sin, chuir an cúig Bhallstát nach bhfuil sásraí um scagadh curtha i bhfeidhm acu tús le céimeanna breise chun sásraí náisiúnta um scagadh a ghlacadh nó a achtú agus ghníomhaigh sé cinn eile chun sásraí náisiúnta um scagadh atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta agus a leathnú mar fhreagairt ar imthosca atá ag athrú.

In 2025, glacadh dlíthe náisiúnta um scagadh IDC sa Chróit, sa Chipir agus sa Ghréig, rud a chiallaíonn go bhfuil creat ag Ballstáit uile an Aontais anois chun scagadh a dhéanamh ar IDC.

Thairis sin, sa tréimhse chéanna, thug sé Bhallstát (an tSeicia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Pholainn, an tSlóvaic agus an Spáinn) leasuithe isteach ar an reachtaíocht atá acu cheana maidir le scagadh, agus d'achtaigh dhá Bhallstát (an Bhulgáir agus Éire) a ndlíthe maidir le scagadh IDC a glacadh roimhe sin.

Tá forbhreathnú sa léarscáil thíos ar an staid reachtach maidir le scagadh IDC i mBallstáit an Aontais in 2025.

[6] *EU strengthens its foreign investment screening framework* [Neartaíonn an tAontas a chreat maidir le hinfheistíocht choigríche a scagadh], alt nuachta ón 26 Meitheamh 2026, https://policy.trade.ec.europa.eu/news/eu-strengthens-its-foreign-investment-screening-framework-2026-06-26_en.



Tá forbhreathnú i dtábla 1 thíos ar an staid reachtach agus ar fhorbairtí i ngach Ballstát sa tréimhse idir an 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025[7].

Tábla 1: Staid na himeartha maidir le forbairtí reachtacha i mBallstáit an Aontais

Sásra náisiúnta um scagadh IDC i bhfeidhm	An Ostair, an Bheilg, an Danmhairg,

[7] Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach an doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis seo.

(gan aon athrú reachtach)	an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ungáir, an Laitvia, Málta, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSualainn
Sásra náisiúnta um scagadh IDC atá ann cheana a leasú	An tSeicia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Pholainn, an tSlóvaic, an Spáinn
Glacadh nó teacht i bhfeidhm sásra nó dlí nua náisiúnta um scagadh IDC	An Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an Ghréig, Éire

Glacadh nó teacht i bhfeidhm sásraí nua um scagadh IDC

Ghlac **an Chróit** an tAcht um Scagadh Infheistíochtaí Coigríche an 24 Deireadh Fómhair 2025, a tháinig i bhfeidhm an 13 Samhain 2025. Tá ról lárnach ag an gCoiste um Scagadh Infheistíochtaí Coigríche sa nós imeachta um scagadh, agus eisíonn sé tuairimí maidir le hiarratais ar fhormheas infheistíochta coigríche. Tá an Aireacht Airgeadais freagrach as cinntí críochnaitheacha a ghlacadh. Tiocfaidh an Gníomh i bhfeidhm go hiomlán a luaithe a ghlacfar na gníomhartha cur chun feidhme uile is gá in 2026. Bunaítear leis an nGníomh sásra um scagadh le haghaidh infheistíochtaí coigríche a dhéanann difear do bhonneagar criticiúil (lena n-áirítear fuinneamh, iompar, cosaint), soláthar acmhainní criticiúla (lena n-áirítear fuinneamh agus bia), rochtain ar fhaisnéis íogair, bonneagar cumarsáide, bonneagar toghcháin agus earnáil na meán.

Bhunaigh **an Chipir** creat chun infheistíochtaí díreacha coigríche a scagadh le foilsiú Dhlí 194(I)/2025 an 14 Samhain 2025, a tháinig i bhfeidhm an 2 Aibreán 2026. Leis an Dlí, ainmnítear an Aireacht Airgeadais mar an tÚdarás inniúil um Scagadh, atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar iarratais agus as cinntí a eisiúint. Ní mór d'infheisteoirí coigríche iarratas i scríbhinn a chur isteach roimh ré chun formheas a fháil sula gcuirfidh siad infheistíocht i gcrích. Leis an sásra um scagadh, déantar measúnú ar infheistíochtaí bunaithe ar thosca amhail earnálacha íogaire (bonneagar criticiúil, seirbhísí airgeadais agus réadmhaoin), rochtain ar fhaisnéis íogair, iolrachas na meán, teicneolaíochtaí criticiúla, agus soláthar ionchur criticiúil.

Tháinig an sásra um scagadh ar infheistíocht dhíreach choigríche de chuid **na Gréige** i bhfeidhm an 23 Bealtaine 2025 mar a bunaíodh le Dlí 5202/2025 lena gcuirtear Rialachán AE 2019/452 chun feidhme. Tháinig an sásra um scagadh IDC i bhfeidhm an 11 Samhain 2025, le foilsiú Chinneadh Comhpháirteach Aireachta 64260, lena sonraítear mionsonraí nós imeachta amhail ceanglais chomhdaithe agus doiciméadachta d'infheisteoirí coigríche. Déanann an Coiste Idir-aireachta um Scagadh Infheistíochtaí Díreacha Coigríche scagadh ar infheistíocht dhíreach choigríche, le rannpháirtíocht ó aireachtaí agus údaráis éagsúla. Tá feidhm ag an sásra um scagadh maidir le hinfheistíochtaí in earnálacha íogaire an fhuinnimh, an iompair, TFC, an bhonneagair dhigitigh agus na sláinte agus in earnálacha an-íogair na cosanta agus na slándála náisiúnta (lena n-áirítear ítimí dé-úsáide atá faoi réir rialuithe onnmhairiúcháin agus trealamh ar

Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais), na cibearshlándála, na hintleachta saorga, an bhonneagair calafoirt, an bhonneagair fomhuirí chriticiúil agus an bhonneagair turasóireachta i limistéir teorann. Tá coinne leis go sonrófar a thuilleadh an t-údarás agus an nós imeachta chun fíneálacha riaracháin a fhorchur sa dara Cinneadh Comhpháirteach Aireachta.

Thug **an Bhulgáir** sásra náisiúnta um scagadh isteach le haghaidh infheistíochtaí díreacha coigríche (IDC) ar fhoras na slándála nó an oird phoiblí trí leasuithe ar an Acht um Infheistíocht a Chur Chun Cinn i mí an Mhárta 2024. Tháinig an creat i bhfeidhm go hiomlán an 20 Lúnasa 2025, tar éis reachtaíocht thánaisteach a ghlacadh. Leis an sásra um scagadh IDC, áirithítear rannpháirtíocht i sásra comhair an Aontais agus leagtar síos rialacha maidir le faireachán, forfheidhmiú agus smachtbhannaí as neamhchomhlíontacht.

In Éirinn, tháinig an tAcht um Scagadh Idirbheart Tríú Tíortha, a achtaíodh in 2023, i bhfeidhm an 6 Eanáir 2025. Leagtar síos leis an Acht cineál, scála agus cineál na n-infheistíochtaí a ndéantar scagadh orthu. Leagtar amach ann freisin na príomhbhreithnithe le linn an phróisis athbhreithnithe scagtha.

Nuashonruithe ar shásraí um scagadh IDC a bhí ann cheana

Ghlac **an tSeicia** ceithre shraith leasuithe ar an reachtaíocht náisiúnta maidir le scagadh IDC in 2025. Leis na leasuithe, tugadh isteach rialacha nua maidir le comhar idir an t-údarás scagtha infheistíochta agus an Oifig um Chosaint na hIomaíochta (i gcomhthéacs an Rialacháin um Fhóirdheontais Eachtracha[8]) agus rinneadh foráil maidir leis an bhféidearthacht doiciméid a sheachadadh freisin trí fhógra poiblí, leasaíodh gnéithe áirithe den sásra um scagadh earnála i réimse an fhuinnimh, rinneadh liosta na gcuideachtaí ag a bhfuil bonneagar faisnéise criticiúla a athshainiú (i gcomhthéacs an Dara Treoir NIS[9]), sonraíodh coinníollacha chun faisnéis maidir le scagadh IDC a chomhroinnt leis an nGníomhaireacht Náisiúnta um Chibearshlándáil agus Slándáil Faisnéise agus rinneadh liosta na gcuideachtaí ag a bhfuil bonneagar criticiúil a athshainiú (i gcomhthéacs Threoir CER[10]).

Ghlac **an Liotuáin** dhá leasú ar an sásra um scagadh IDC atá ann cheana in 2025. Leis an gcéad leasú, tugadh cothrom le dáta liosta na saoráidí agus na sócmhainní sonracha a mheastar a bheith criticiúil don tslándáil náisiúnta, agus leis an dara leasú rinneadh beachtú ar fheidhmeanna, ar chomhdhéanamh agus ar nósanna imeachta oibre an Choimisiúin náisiúnta a rinne measúnú ar eintitis agus ar idirbhearta a bhaineann leis an tslándáil.

---

[8] Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach, ar fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2022/2560/oj/gle.

[9] Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (an Treoir NIS), ar fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2022/2555.

[10] Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/114/CE ón gComhairle.

Leasaigh **Lucsamburg** a dhlí náisiúnta maidir le scagadh IDC i mí Eanáir 2025, agus thug sé cothrom le dáta dhá dhlí atá ann cheana maidir leis an gclár tráchtála agus maidir le bunú chlár na n-úinéirí tairbhiúla lena dtugtar rochtain don Aireacht Geilleagair ar chlár na n-úinéirí tairbhiúla.

Rinne **an Pholainn** a córas um scagadh IDC buan trí na forálacha maidir le teorainn ama san Acht um Rialú Infheistíochtaí Áirithe agus gníomhartha eile a aisghairm i mí Iúil 2025.

Chuir **an tSlóvaic** Acht Uimh. 367/2024 maidir le bonneagar criticiúil chun feidhme, a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025, lena leathnaítear ceart na hAireachta Geilleagair rochtain a fháil ar shonraí ó chórais faisnéise riaracháin phoiblí agus sonraí rúnda a iarraidh.

Chuir **an Spáinn** síneadh leis an gceanglas scagtha sealadach le haghaidh IDCanna ó chónaitheoirí an Aontais agus CSTE in earnálacha straitéiseacha go dtí an 31 Nollaig 2026, trí Dhlí Foraithne Ríoga 1/2025, a tháinig i bhfeidhm an 30 Eanáir 2025.

Sa doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis seo, tá tuilleadh sonraí maidir le forbairtí reachtacha i sásraí náisiúnta um scagadh de chuid na mBallstát. Tá liosta cothrom le dáta de na sásraí náisiúnta um scagadh ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh[11].

[11] Liosta na sásraí um scagadh agus na gníomhartha dlí a leasaigh é ar thug na Ballstáit fógra ina leith (dar dáta an 9 Feabhra 2026):
https://circabc.europa.eu/rest/download/7e72cdb4-65d4-4eb1-910b-bed119c45d47.

CAIBIDIL 3 - GNÍOMHAÍOCHTAÍ UM SCAGADH IDC DE CHUID NA mBALLSTÁT

Faoin Rialachán maidir le Scagadh IDC, leagtar amach creat lena bhféadfaidh Ballstáit an Aontais athbhreithniú a dhéanamh ar IDCanna ina gcríoch ar fhoras na slándála agus an oird phoiblí agus bearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sonracha. Leis an Rialachán, cruthaíodh sásra comhair freisin idir an Coimisiún agus údaráis scagtha na mBallstát chun measúnú ar na rioscaí maidir leis an tslándáil nó an t-ord poiblí a éascú a bhaineann le hidirbhearta aonair IDC. Le sásra comhair an Aontais, is féidir faisnéis a mhalartú agus cuirtear ar chumas an Choimisiúin agus na mBallstát eile rioscaí féideartha slándála nó oird phoiblí a d'fhéadfadh a bheith i gceist le hidirbheart IDC a chur in iúl do Bhallstáit eile nó do chláir nó tionscadail de chuid an Aontais, rud a fhágann gur féidir measúnú a dhéanamh ar na rioscaí sin agus iad a mhaolú. Cé go gcuidíonn sásra comhair an Aontais leis an mBallstát ina ndéantar an infheistíocht measúnú agus maolú a dhéanamh ar rioscaí slándála nó oird phoiblí, is é an Ballstát sin a dhéanann an cinneadh maidir le hinfheistíocht áirithe a fhormheas, a chur faoi réir coinníollacha nó a bhlocáil.

Soláthraítear sa chaibidil seo faisnéis chomhiomlánaithe maidir le gníomhaíochtaí náisiúnta scagtha arna ndéanamh in 2025 bunaithe ar thuarascálacha bliantúla na mBallstát chuig an gCoimisiún faoi Airteagal 5 den Rialachán. Ar an iomlán, láimhseáil na Ballstáit a bhfuil sásraí náisiúnta um scagadh IDC i bhfeidhm acu 4 773 iarraidh ar údarú agus cásanna arna dtionscnamh ag na húdaráis féin (cásanna *ex officio*)[12], suas ó 3 136 in 2024. Scagadh 38 % díobh sin go foirmiúil, agus measadh go raibh thart ar 62 % díobh neamh-incháilithe nó nach raibh scagadh foirmiúil ag teastáil ina leith (Fíor 5)[13].

Fíor 5 - Gníomhaíochtaí um Scagadh IDC de chuid na mBallstát

[12] Tá nósanna imeachta éagsúla ag na Ballstáit maidir le scagadh IDC atá éagsúil ó thaobh raon feidhme, céimeanna próisis, seiceálacha incháilitheachta *ex ante* nó *ex post*, amlínte le haghaidh scagadh etc., rudaí a léirítear i dtuairisciú na gcásanna a ndearnadh scagadh orthu. Mar shampla, dearbhaíonn roinnt Ballstát nach bhfuil infheistíochtaí incháilithe sula gcuirtear faoi nós imeachta foirmiúil um scagadh iad, ach déanann roinnt eile cásanna a scagadh go foirmiúil ar dtús agus dearbhaíonn siad ansin nach bhfuil siad incháilithe. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe leis na graif agus na figiúirí a chuirtear i láthair sa chaibidil seo meánghníomhaíocht scagtha na mBallstát le linn na bliana tuairiscithe a léiriú, bunaithe ar na sonraí arna gcur isteach ag na Ballstáit.

[13] Tabhair faoi deara go bhfuil tionchar mór ag an tSualainn ar na sonraí tuairiscithe os rud é gur thuairiscigh sí líon an-ard cásanna nach raibh scagadh foirmiúil ag teastáil ina leith laistigh dá córas, líon a bhí i bhfad níos airde ná líon bliantúil na gcásanna arna dtuairisciú ag aon Bhallstát eile. Dá n-eisiafaí an tSualainn ón ríomh, 65 % a bheadh i sciar na gcásanna a ndearnadh scagadh foirmiúil orthu agus 35 % a bheadh i sciar na gcásanna nár ghá scagadh foirmiúil a dhéanamh orthu.



Foinse: Tuairisciú ó na Ballstáit.

As na IDCanna a ndearnadh scagadh foirmiúil orthu in 2025, agus ar thuairiscigh na Ballstáit cinneadh ina leith, údaraíodh formhór mór díobh (87 %) gan choinníollacha (Fíor 6). Ciallaíonn sé sin gur ceadaíodh an infheistíocht choigríoch gan aon ghníomhaíocht bhreise a bheith ag teastáil ón infheisteoir. I gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, d'údaraigh na Ballstáit céatadán beagán níos airde de IDCanna a ndearnadh scagadh foirmiúil orthu gan choinníollacha (86 % a bhí san fhigiúr sin in 2024).

San am céanna, bhí formheas le coinníollacha nó le bearta maolaitheacha i gceist le 9 % de na cinntí, an ceatadán céanna agus a bhí ann in 2024. Sna cásanna sin, rinne na húdaráis náisiúnta um scagadh IDC gníomhaíochtaí, ráthaíochtaí agus gealltanais áirithe a chaibidliú leis na hinfheisteoirí sula ndearna siad an IDC a fhormheas.

Ar deireadh, chuir na húdaráis náisiúnta bac ar infheistíochtaí i thart ar 1 % de na cásanna uile le cinneadh (mar a bhí sna blianta roimhe sin). Ar deireadh, tharraing na páirtithe 3 % de na comhduithe siar sula ndearnadh cinneadh foirmiúil, sciar beagán níos ísle i gcomparáid le 2024 (4 %).

Fíor 6 – Cinntí faoinar tugadh fógra maidir le cásanna IDC



Foinse: Tuairisciú ó na Ballstáit

Conclúidí maidir le gníomhaíochtaí um scagadh IDC de chuid na mBallstát

- Is é a bhí i gcion na IDCanna a ndearnadh scagadh foirmiúil orthu 38 % de na hiarrataí uile ar údarú a chuir infheisteoirí/páirtithe an idirbhirt faoi bhráid na n-údarás náisiúnta um scagadh IDC agus a scrúdaigh na húdaráis náisiúnta ar a dtionscnamh féin. Tá tionchar mór ag an tSualainn ar an bhforbairt sin, os rud é gur thuairiscigh sí líon an-ard cásanna IDC don bhliain tuairiscithe.

- I gcás fhormhór na IDCanna, údaraíodh iad gan aon choinníoll (87 %), ráta atá beagán níos ísle ná mar a bhí in 2024 (86 %). Léiríonn sé sin nach bhfuil timpeallacht infheistíochta níos sriantaí ann mar thoradh ar scagadh IDC i mBallstáit an Aontais, ach cruthaítear feasacht níos fearr i measc na mBallstát agus an Choimisiúin ar IDC maidir le rioscaí slándála nó oird phoiblí a aithint.

- A mhéid a bhaineann le húdaruithe a bhfuil coinníollacha ag gabháil leo, in 2025 tá sciar na gcásanna inar forchuireadh bearta maolaitheacha (9 %) mar a bhí in 2024.

- Bhí thart ar 1 % i gceist fós le sciar na IDCanna ar chuir na Ballstáit bac orthu in 2025, rud atá ag teacht leis an meán a bhí ann le blianta beaga anuas.

- Ar an iomlán, leis na huimhreacha sin, léirítear treocht chobhsaí, lena ndeimhnítear go bhfuil an tAontas fós oscailte don infheistíocht choigríche agus nach gcuireann na Ballstáit bac ach ar na IDCanna sin ar bagairtí tromchúiseacha iad ar an tslándáil agus ar an ord poiblí agus i gcás nach féidir na rioscaí sin a mhaolú.

CAIBIDIL 4 – SÁSRA COMHAIR AN AONTAIS UM SCAGADH IDC

1. Fógraí faoin Rialachán maidir le Scagadh IDC

1.1 Forbhreathnú ar an ngníomhaíocht in 2025

In 2025, chuir 21 Bhallstát 667 bhfógra isteach ar an iomlán, de bhun Airteagal 6[14] den Rialachán maidir le Scagadh IDC, i gcomparáid le 477 bhfógra a cuireadh isteach in 2024[15]. Bhí ceithre Bhallstát (an Ostair, an Fhrainc, an Iodáil, an Spáinn) freagrach as 65 % de na fógraí agus bhí seacht mBallstát (an Ostair, an Fhrainc, an Ghearmáin, Éire, an Iodáil, an Liotuáin, agus an Spáinn) freagrach as 86 % de na fógraí sin[16]. Bhí éagsúlacht mhór sna hidirbhearta ar tugadh fógra ina leith, lena n-áirítear ó thaobh raon na n-earnálacha, luach an idirbhirt agus áit tionscnaimh na n-infheisteoirí deiridh de, i measc paraiméadar eile.

Fógraí arna dtabhairt don sásra comhair AE um scagadh IDC
Bliain féilire 2025



[14] Sa tréimhse chéanna, bhain an Coimisiún úsáid as sásra comhair an Aontais i ndáil le hinfheistíochtaí díreacha coigríche nach bhfuil scagadh á dhéanamh orthu (Airteagal 7 den Rialachán maidir le Scagadh IDC), rud nach léirítear sna staitisticí sa chaibidil seo.

[15] Féach https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=COM(2024)464&lang=ga.

[16] In 2024, 76 % agus 84 % faoi seach a bhí i gceist leis an sciar sin.

Foinse: Tuairisciú ó na Ballstáit.

Léirítear sa léarscáil thuas líon na IDCanna ar thug na Ballstáit fógra ina leith do na Ballstáit eile agus don Choimisiún faoi chuimsiú shásra comhair an Aontais maidir le scagadh IDC. In 2025, as na 21 Bhallstát a bhfuil sásra náisiúnta um scagadh i bhfeidhm acu, chuir 11 Bhallstát níos mó ná 10 bhfógra isteach, chuir ceithre Bhallstát idir 6-10 bhfógra isteach, agus chuir sé Bhallstát níos lú ná cúig fhógra isteach.

I gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (2024), tháinig méadú géar 40 % ar an líon fógraí ó 477 go 667. Is é sin an t-ardú bliantúil is airde ar líon na IDCanna ar tugadh fógra ina leith do shásra comhair an Aontais. Thairis sin, ó bhí an chéad bhliain féilire iomlán de shásra comhair an Aontais (2021) ann, tá méadú 61 % tagtha ar líon na bhfógraí ó 414 fhógra in 2021 go 667 bhfógra in 2025. Tháinig méadú ar an líon Ballstát a thug fógra faoi idirbhearta ó 13 in 2021 go 21 in 2025.

1.2 Príomhearnálacha[17] na IDCanna ar tugadh fógra do shásra comhair an Aontais ina leith[18]

Ba iad na cúig earnáil ina raibh an líon ab airde idirbheart in 2025 monaraíocht[19] (27 % de na hidirbhearta uile), TFC[20] (19 %), seirbhísí airgeadais[21] (17 %), mórdhíol agus miondíol[22] (13 %), agus agus gníomhaíochtaí gairmiúla[23] (8 %). Tá sé sin an-chosúil leis an mbliain seo caite, nuair a bhí na cúig earnáil chéanna in uachtar san ord céanna, ach bhí gníomhaíochtaí airgeadais agus mórdhíol agus miondíol in áit a chéile in 2025. In 2025, tháinig méadú 2 phointe céatadáin ar fhógraí a bhaineann le gníomhaíochtaí monaraíochta ó 25 % in 2024. Tháinig laghdú 4 % ar

[17] De réir an ghnáthchur chuige, roghnaíodh príomhearnáil na gníomhaíochta mar an príomhtháscaire. Tá an méid sin ag teacht freisin leis an bhfaisnéis atá sna cairteacha earnála uile sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an tuarascáil bhliantúil seo.

[18] Tabhair faoi deara nach féidir na figiúirí agus na treochtaí foriomlána IDC a léirítear i gcaibidil 1 a chur i gcomparáid leis na figiúirí sonracha maidir le scagadh IDC sa chaibidil seo toisc nach léiríonn an ceann deireanach sin ach cuid an-bheag de na figiúirí ginearálta agus nach léiríonn sé ach idirbhearta ar tugadh fógra ina leith don sásra comhair chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí don tslándáil agus don ord poiblí.

[19]Cuimsíonn monaraíocht gníomhaíochtaí cuideachtaí a bhfuil baint acu le tiontú ábhar ina dtáirgí nua (mar shampla, monarú trealaimh agus mótar leictreach, innealra agus trealamh tionsclaíoch, airm agus armlón, agus cógaisíocht).

[20] Seasann TFC do theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide. Cuimsíonn sí gníomhaíochtaí cuideachtaí a sholáthraíonn bonneagair agus uirlisí riachtanacha chun eolas a chruthú, a chomhroinnt agus a scaipeadh (mar shampla, ríomhchlárú, foilsiú bogearraí, próiseáil agus óstáil sonraí, gníomhaíochtaí teileachumarsáide gan sreang).

[21] Áirítear ar mhórdhíol agus miondíol gníomhaíochtaí mórdhíola agus miondíola a bhaineann le hearraí cógaisíochta, táirgí ceimiceacha, trealamh agus soláthairtí leictreonacha agus teileachumarsáide, ríomhairí, trealamh forimeallach agus bogearraí ríomhaireachta, miotail agus mianta miotail.

[22] Cuimsíonn gníomhaíochtaí airgeadais gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag sealúchais, cistí nó gníomhaithe comhchosúla san earnáil airgeadais arb é is aidhm dóibh bun sonrach (cothromais) nó rialú sonrach a fháil i sprioc-chuideachta (mar shampla, gníomhaíochtaí bainistíochta cistí, gníomhaíochtaí cuideachtaí sealbhaíochta, seirbhísí airgeadais agus gníomhaíochtaí árachais).

[23] Áirítear ar ghníomhaíochtaí gairmiúla gníomhaíochtaí a dhéanann gnólachtaí dlí agus cuntasaíochta, chomh maith le gníomhaíochtaí comhairliúcháin agus innealtóireachta (mar shampla, gníomhaíochtaí ceannoifigí, taighde margaidh agus pobalbhreitheanna, comhairleacht, agus taighde agus forbairt thurgnamhach sa bhith-theicneolaíocht).

idirbhearta ar tugadh fógra ina leith a bhaineann leis an earnáil fuinnimh ó 6 % in 2024 agus tháinig méadú 12 % ar earnálacha eile[24] ó 9 % in 2024.

Fíor 1 – Miondealú ar na fógraí uile in 2025 de réir earnála



Foinse: Fógraí ó na Ballstáit.

1.3 Luach iomlán IDC ar tugadh fógra do shásra comhair an Aontais ina leith

Maidir le luach na n-idirbheart, bhí luach[25] níos lú ná EUR 500 milliún ag 66 % de na IDCanna ar tugadh fógra ina leith, luach a d'ardaigh 8 phointe céatadáin ó 58 % in 2024. Bhí luach EUR 500 milliún agus níos mó i gceist le 29 % de na hidirbhearta (30 % a bhí ann in 2024).

[24] Cuimsíonn an chatagóir 'eile' gach earnáil eile faoi bhun 4 %, go háirithe, gníomhaíochtaí riaracháin, iompair agus tógála.

[25] Baineann an luach, i gcás ina bhfuil sé ar fáil, le luach iomlán an idirbhirt a raibh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith ina chuid de.

Fíor 2 – Luach ar leith in aghaidh idirbheart IDC ar tugadh fógra ina leith in 2025[26]



Foinse: Fógraí ó na Ballstáit.

1.4 Nósanna imeachta agus luas amlínte maidir le cásanna IDC a dhúnadh

Déanann an Coimisiún measúnú ar idirbhearta IDC ar thug na Ballstáit fógra ina leith in dhá chéim. Go sonrach, déantar réamh-mheasúnú ar gach idirbheart ar tugadh fógra ina leith (‘Céim 1’), agus ní théann ach líon teoranta de chásanna ar aghaidh go Céim 2. Ní mór an measúnú ar Chéim 1 a chur i gcrích laistigh de 15 lá féilire tar éis don Bhallstát a dhéanfaidh an scagadh fógra a thabhairt ina leith.

Is éard atá i gceist le Céim 2 measúnú níos mionsonraithe ar chásanna, bunaithe ar fhreagraí ar iarrataí ar fhaisnéis bhreise ón mBallstát a thugann fógra, ós rud é gurb é tuairim an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart difear a dhéanamh don tslándáil nó don ord poiblí i níos mó ná Ballstát amháin nó rioscaí a chruthú do thionscadail nó do chláir atá chun leasa an Aontais. D’fhéadfadh tuairim ón gCoimisiún a bheith mar thoradh ar chásanna i gCéim 2, mar a fhoráiltear in Airteagal 6 agus 7 den Rialachán maidir le Scagadh IDC. Fanann tuairimí den sórt sin faoi rún agus féadfaidh siad: (i) a chur in iúl go measann an Coimisiún gur dócha go ndéanfaidh IDC difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí i níos mó ná Ballstát amháin nó do thionscadal nó clár atá chun leasa an Aontais, (ii) bearta iomchuí a mholadh lena mbreithniú, nó (iii) faisnéis ábhartha a roinnt maidir leis an IDC ar a bhfuil scagadh á dhéanamh chun bonn eolais a chur faoi mheasúnú agus faoi chinneadh críochnaitheach an Bhallstáit a thug an fógra.

In 2025, dhún an Coimisiún 88 % de na 667 gcás i gCéim 1, ar sciar níos lú é i gcomparáid le 2024 (92 %). Chuaigh an 12 % eile d’idirbhearta ar aghaidh go Céim 2 agus iarradh faisnéis

[26] Áirítear le ‘níl siad ar fáil/neamhnochta’ bána, nach bhfuil ar fáil/nár nochtadh agus nach bhfuil infheidhme (mar shampla, toisc gur bhain idirbheart le hathstruchtúrú nó nár soláthraíodh aon infheistíocht).

bhreise ar an mBallstát a thug an fógra[27]. Léiríonn an méadú sin ar sciar na gcásanna faoi Chéim 2 gur measadh go raibh níos mó idirbheart ann atá íogair don tslándáil agus don ord poiblí.

Fíor 3 – Cásanna a dúnadh i gCéim 1 agus i gCéim 2 in 2025



Foinse: Fógraí ó na Ballstáit.

In 2025, bhain os cionn 68 % de chásanna Chéim 2 le cúig Bhallstát, ar méadú é sin i gcomparáid le 2024 (66 %). Mar a tharla in 2024, d'eisigh an Coimisiún tuairim i gcás níos lú ná 2 % de na hidirbhearta ar tugadh fógra ina leith.

Agus tús á chur aige le Céim 2, go ginearálta lorgaíonn an Coimisiún tuilleadh faisnéise ón mBallstát a thug an fógra, ag brath ar an idirbheart agus ar shonraí na faisnéise a cuireadh isteach leis an bhfógra[28]. Is minic a áirítear san fhaisnéis sin ceisteanna faoi rúin agus plean gnó an infheisteora maidir leis an sprioc-chuideachta nó custaiméirí na sprioc-chuideachta in earnálacha íogaire. Iarrtar an fhaisnéis sin chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar chriticiúlacht na sprioc-chuideachta agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar an infheisteoir.

In 2025, ghlac na Ballstáit páirt i sásra comhair an Aontas *inter alia* trí cheisteanna a chur in thart ar 11 % de na cásanna (10 % in 2024) agus trí bharúlacha a eisiúint le haghaidh idirbhearta IDC a tharla i mBallstáit eile[29].

[27] I gcásanna den sórt sin, is é an sprioc-am chun barúlacha a thabhairt nó tuairim a eisiúint 20 lá féilire tar éis an fhaisnéis a iarradh a fháil ón mBallstát a thug fógra.

[28] Foirm an fhógra: iarradh ar fhaisnéis ó infheisteoir chun críoch fógraí a thabhairt faoi Airteagal 6 den Rialachán, áirithíonn sé go soláthraítear méid áirithe aonfhoirmeachta agus íosleibhéal faisnéise faoin idirbheart, faoin infheisteoir agus faoin sprioc-chuideachta i bhfógraí a thugtar faoin Rialachán. Tá an fhoirm le fáil ag https://policy.trade.ec.europa.eu/enforcement-and-protection/investment-screening_ga.

[29] I roinnt de na cásanna inar chuir na Ballstáit ceisteanna, mhaolaigh an freagra a fuair siad na hábhair imní a d'fhéadfadh a bheith ann.

Bhí sciar na gcásanna ar eisigh na Ballstáit barúlacha ina leith thart ar 6 %, i gcomparáid le 3 % in 2024[30]. Tháinig méadú suntasach ar an líon Ballstát a d'eisigh barúlacha chuig an mBallstát a thugann fógra ó thart ar aon trian in 2024 go 57 % in 2025.

1.5 Príomhearnálacha IDC atá faoi réir mheasúnú riosca mionsonraithe an Choimisiúin maidir leis an tslándáil nó an t-ord poiblí

Ba í an mhonaraíocht an phríomhearnáil le haghaidh chásanna Chéim 2, a raibh 53 % de na hidirbhearta uile i gceist léi (50 % in 2024) (Fíor 4). Ba é TFC an dara hearnáil ba mhó, a raibh beagnach an cúigiú cuid de chásanna Chéim 2 uile i gceist léi (an sciar chéanna agus a bhí ann in 2024). Bhí cásanna Chéim 2 maidir le gníomhaíochtaí gairmiúla agus mórdhíol agus miondíol sa tríú háit agus sa cheathrú háit le sciar 6 % an ceann (bhí an dá sciar ag 5 % in 2024).

Fíor 4 – Príomhearnálacha a díríodh orthu i gCéim 2 in 2025



Foinse: Fógraí ó na Ballstáit.

I bhfianaise thábhacht na hearnála monaraíochta, tugtar forléargas i bhFíor 5 ar na tosca[31] a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar chriticiúlacht idirbhearta na hearnála monaraíochta i ndáil leis an tslándáil agus leis an ord poiblí i gCéim 2. Ba é an toisc ba mhinice a úsáideadh

[30] Tabhair faoi deara gur féidir le Ballstáit éagsúla barúil a eisiúint maidir leis an idirbheart céanna.

[31] Leagtar amach na tosca sin in Airteagal 4 den Rialachán maidir le Scagadh IDC. Is féidir níos mó ná toisc amháin a úsáid le haghaidh idirbheart amháin chun measúnú a dhéanamh ar chriticiúlacht IDC ar leith don tslándáil agus don ord poiblí.

nuair a bhain an t-idirbheart le hinfheistíocht choigríche i dteicneolaíochtaí criticiúla, bhí an toisc sin i gceist le 37 % den iomlán in 2025 (49 % in 2024).

Bhain an dara toisc is mó, a raibh sciar 23 % i gceist leis (26 % in 2024), le IDCanna i mbonneagar criticiúil, agus ina dhiaidh sin bhí soláthar na n-ionchur criticiúil i gceist le 19 % (20 % in 2024). Ní raibh rochtain ar fhaisnéis íogair (lena n-áirítear sonraí pearsanta) i gceist ach i gcás 12 % den iomlán, sin níos mó ná dúbailt ar 5 % a bhí ann in 2024.

Ar deireadh, bhí ról ag tosca eile amhail próifíl riosca an infheisteora agus rioscaí do shaoirse agus iolrachas na meán i 9 % de chásanna Chéim 2.

Fíor 5 – Tosca as a dtagann cásanna Chéim 2 sa mhonaraíocht



Foinse: Fógraí ó na Ballstáit

Trí shúil níos géire a chaitheamh ar fhógraí a bhaineann le teicneolaíochtaí criticiúla atá faoi réir Chéim 2 (Fíor 6) léirítear gurbh ionann teicneolaíochtaí a bhaineann le cosaint agus 31 % de na cásanna sin (37 % in 2024), agus ina dhiaidh sin aeraspás le 28 % (16 % in 2024), agus teicneolaíochtaí criticiúla eile (lena n-áirítear IS, teicneolaíochtaí candamacha agus bith-theicneolaíochtaí) le 22 % (26 % in 2024). Idirbhearta a bhaineann le teicneolaíochtaí leathsheoltóirí a bhí i gceist le sciar 12 % (21 % in 2024). Ar deireadh, teicneolaíochtaí cibearshlándála agus róbataice a bhí i gceist le 4 % agus 3 % de na hidirbhearta a bhaineann le teicneolaíochtaí criticiúla faoi seach.

Fíor 6 – Cineálacha teicneolaíochtaí criticiúla i gcásanna Chéim 2



Foinse: Fógraí ó na Ballstáit

1.6 Áiteanna tionscnaimh na n-infheisteoirí IDC ar tugadh fógra ina leith do shásra comhair an Aontais

As na 677 gcás ar tugadh fógra ina leith in 2025, ba iad Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Ríocht Aontaithe, an tSín (lena n-áirítear Hong Cong), Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha Ceanada agus an tSeapáin na 6 phríomhdhlínse tionscnaimh. I gcomparáid le 2024, tháinig laghdú 7 bpointe céatadáin ar an sciar IDC ó infheisteoirí de chuid na Stát Aontaithe ar tugadh fógra ina leith do shásra comhair an Aontais ó 40 % in 2024 go 33 % de na hidirbhearta uile in 2025 (Fíor 7). Tháinig laghdú freisin ar sciar infheisteoirí na Ríochta Aontaithe ó 11 % in 2024 go 9 % in 2025 mar aon le sciar na n-infheisteoirí ón tSín (lena n-áirítear Hong Cong) ó 9 % in 2024 go 7 % in 2025. Ar an taobh eile, tháinig méadú suntasach ar chion na n-infheisteoirí ó Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ó 3 % in 2024 go 5 % de na hidirbhearta iomlána in 2025. Ar deireadh, mhéadaigh IDCanna ó infheisteoirí ó Cheanada agus ón tSeapáin a scaireanna 1 phointe céatadáin an ceann ó 3 % in 2024 go 4 % in 2025.

Tháinig 38 %[32] de na cásanna ar tugadh fógra ina leith ó thíortha seachas na sé cinn is mó i gcomparáid le 2024, nuair a bhí 30 % i gceist leis an sciar sin. Léiríonn an méid sin go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar chomhchruinniú na n-infheistíochtaí ó na tíortha tionscnaimh is mó. In 2025, is ó na sé infheisteoir is mó a tháinig 62 % de na cásanna ar tugadh fógra ina leith, i gcomparáid le 70 % in 2024.

[32] Bhí an Úcráin agus an India i measc na dtíortha agus na ndlínsí a raibh sciar neamhdhiomaibhseach acu, a raibh sciar 3 % faoi seach acu. Bhí IDC ón Rúis i gceist le 1 % d'iomlán na n-infheistíochtaí ar tugadh fógra ina leith do shásra comhair an Aontais in 2025.

Fíor 7 – Tíortha tionscnaimh na n-infheisteoirí deiridh i gcásanna 2025



Foinse: Fógraí ó na Ballstáit.

1.7 Fógraí ildlínse do shásra comhair an Aontais agus na príomhearnálacha a bhaineann leo

As na cásanna uile ar tugadh fógra ina leith in 2025, 27 % de na fógraí, bhain siad le hidirbhearta a bhfuil scagadh á dhéanamh orthu in dhá Bhallstát nó níos mó (i gcomparáid le 19 % in 2024)[33] (Tábla 1). Ba iad seo a leanas na príomhearnálacha a raibh baint acu leis na fógraí sin: (i) monaraíocht, ag a raibh sciar 32 % (26 % in 2024); (ii) mórdhíol agus miondíol, ag a raibh sciar 25 % (14 % in 2024); (iii) TFC, ag a raibh sciar 19 % (20 % in 2024); (iv) gníomhaíochtaí airgeadais ag a bhfuil sciar 10 % (mar an gcéanna le 2024); agus (v) gníomhaíochtaí gairmiúla, ag a raibh sciar 5 % (7 % in 2024). Ar deireadh, bhí earnálacha eile, lena n-áirítear gníomhaíochtaí riaracháin, fuinneamh agus iompar, i gceist le 9 % de líon iomlán na gcásanna ildlínse.

Tábla 1 – Príomhearnálacha IDCanna ildlínse

Monaraíocht	32 %
Mórdhíol agus miondíol	25 %
TFC	19 %
Gníomhaíochtaí airgeadais	10 %
Gníomhaíochtaí gairmiúla	5 %
Earnálacha eile	9 %

Foinse: Fógraí ó na Ballstáit.

[33] Tagraíonn ‘idirbhearta ildlínse IDC’ d’idirbhearta IDC inar grúpa corparáideach é an sprioc-chuideachta a bhfuil láithreacht aige i níos mó ná Ballstát amháin (agus, b’fhéidir, i dtríú tíortha freisin), mar shampla, trí mheán fochuideachtaí i níos mó ná Ballstát amháin. Féadfaidh níos mó ná Ballstát amháin fógra a thabhairt faoi mhargaí den sórt sin má thagann an t-idirbheart faoi raon feidhme a sásra um scagadh agus má thionscnaíonn siad scagadh foirmiúil air.

1.8 Cásanna nár tugadh fógra ina leith

Leis an Rialachán maidir le Scagadh IDC, cuirtear ar a gcumas do na Ballstáit agus don Choimisiún faisnéis a mhalartú maidir le IDCanna nár tugadh fógra ina leith do shásra comhair an Aontais agus i gcás ina sainaithneoidh na Ballstáit eile nó an Coimisiún rioscaí slándála nó rioscaí oird phoiblí, féadfar barúlacha nó tuairim a chur ar fáil. In 2025, bhain an Coimisiún úsáid theoranta as an nós imeachta sin chun idirbhearta nach bhfuil scagadh á dhéanamh orthu a fhiosrú.

<u>Conclúidí maidir le sásra comhair an Aontais um scagadh IDC</u>

- Ar an gcéad dul síos, lean scagadh IDC de bheith ina uirlis fhíor-riachtanach chun rannchuidiú leis an Aontas a chosaint ar IDCanna a bhféadfadh riosca méadaitheach don tslándáil nó don ord poiblí a bheith ag baint leo.

- Ar an dara dul síos, tá méadú tagtha ar thábhacht shásra comhair an Aontais um scagadh IDC. Léirítear é sin sa líon fógraí, ar tháinig méadú mór 40 % orthu ó 477 bhfógra in 2024 go 667 bhfógra in 2025. Tá sé sin níos tábhachtaí fós ós rud é gur fhan líon na dtíortha a thugann fógra faoi idirbhearta mar an gcéanna (21 Bhallstát). Bíodh sin mar atá, tháinig 86 % de na fógraí uile ó sheacht mBallstát: An Ostair, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, Éire, an Liotuáin agus an Spáinn. Tá sé suntasach go raibh dlí maidir le scagadh IDC achtaithe ag na Ballstáit uile ar an leibhéal náisiúnta faoi dheireadh 2025, fiú roimh an gceanglas éigeantach faoin Rialachán athbhreithnithe maidir le Scagadh IDC. In 2025, chomhoibrigh na Ballstáit agus an Coimisiún ar an leibhéal teicniúil freisin i gcomhthéacs an Ghrúpa Saineolaithe um Infheistíocht Dhíreach Choigríche.

- Ar an tríú dul síos, i gcomhthéacs thiomantas láidir an Aontais do thimpeallacht oscailte infheistíochta, tá scagadh IDC ar leibhéal an Aontais fós ag feidhmiú mar uirlis theoranta spriocdhírithe le haghaidh cásanna eisceachtúla inar dócha go mbeidh drochthionchar ag IDC ar an tslándáil nó ar an ord poiblí. As na 677 gcás ar tugadh fógra ina leith in 2025, dúnadh formhór mór na gcásanna (88 %) i gCéim 1, (i.e. laistigh de 15 lá féilire tar éis do na Ballstáit a bhfuil scagadh á dhéanamh acu fógra a thabhairt ina leith), agus rinne an Coimisiún measúnú riosca mionsonraithe maidir leis an tslándáil nó an t-ord poiblí ar 12 % de na cásanna. I gcomparáid le 2024, tháinig méadú 50 % ar sciar chásanna Chéim 2, rud a léiríonn go bhfuil níos mó idirbheart atá ábhartha don tslándáil agus don ord poiblí. In 2025, mar a tharla in 2024 agus sna blianta roimhe sin, d'eisigh an Coimisiún tuairim i gcás níos lú ná 2 % de na cásanna in 2025.

- Ar an gceathrú dul síos, tá méadú tagtha fiú ar ról ceannasach na hearnála monaraíochta le haghaidh chásanna Chéim 2, ó 50 % in 2024 go 53 % i gcás gach cás Chéim 2 in 2025. Ag féachaint ar na tosca a bhí taobh thiar den ghá atá le grinnmheasúnú riosca maidir leis an tslándáil agus an t-ord poiblí Chéim 2, léirítear gurbh é ábharthacht na sprice le haghaidh 'teicneolaíochtaí criticiúla' an toisc a spreag tuilleadh measúnaithe in 37 % de

na cásanna (49 % in 2024). Léirítear sna fógraí a bhaineann le teicneolaíochtaí criticiúla atá faoi réir Chéim 2 go bhfuil tábhacht mhór ag baint le gníomhaíochtaí a bhaineann le aeraspás, a raibh 28 % den iomlán i gceist leo i gcomparáid le 16 % in 2024. Ar an taobh eile, laghdaigh teicneolaíochtaí a bhaineann le cosaint agus leathsheoltóirí a sciar ó 37 % agus 21 % in 2024 go 31 % agus 12 % faoi seach.

- Ar deireadh, lean formhór na n-infheisteoirí de bheith ag teacht ón dá dhlínse is mó céanna: tháinig 42 % de IDCanna ar fad ar tugadh fógra ina leith do shásra comhair an Aontais ó na Stáit Aontaithe agus ón Ríocht Aontaithe. Mar sin féin, i gcomparáid le 2024, tháinig laghdú suntasach 7 bpointe céatadáin ar sciar infheistíocht na Stát Aontaithe san iomlán, ó 40 % in 2024 go 33 % in 2025. Tháinig laghdú freisin ar chion infheisteoirí na Ríochta Aontaithe ó 11 % in 2024 go 9 % in 2025 mar aon le sciar na n-infheisteoirí ón tSín (lena n-áirítear Hong Cong) ó 9 % in 2024 go 7 % in 2025. Ar an taobh eile, tháinig méadú suntasach ar chion na n-infheisteoirí ó Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ó 3 % in 2024 go 5 % in 2025. Ar deireadh, mhéadaigh IDCanna ó infheisteoirí ó Cheanada agus ón tSeapáin a scaireanna 1 phointe céatadáin an ceann ó 3 % in 2024 go 4 % in 2025.

2. Athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Scagadh Infheistíochta Dírí Coigríche

Is cloch mhíle mhór i gclár oibre an Aontais maidir leis an tslándáil é glacadh an Rialacháin nua maidir le Scagadh Infheistíochta Eachtraí (FISR)[34]. Tar éis ghlacadh an togra ón gCoimisiún i mí Eanáir 2024, tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil i mí na Nollag 2025. Shínigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an Rialachán athbhreithnithe go foirmiúil an 17 Meitheamh 2026, tháinig sé i bhfeidhm an 26 Iúil 2026 agus beidh feidhm aige ón 17 Eanáir 2028 (tar éis idirthréimhse 18 mí).

Neartóidh sé cumas an Aontais aghaidh a thabhairt ar rioscaí don tslándáil agus don ord poiblí a eascraíonn as infheistíochtaí coigríche. Ag tógáil ar an taithí a fuarthas ó tháinig Rialachán 2019 maidir le Scagadh IDC i bhfeidhm, bunaítear leis an gcreat athbhreithnithe íosleibhéal coiteann comhchuibhithe ar fud an Aontais. Is é is príomhchuspóir dó na bearnaí atá ann cheana sna córais náisiúnta um scagadh a dhúnadh, feabhas a chur ar an gcomhordú i measc na mBallstát agus i measc na mBallstát agus an Choimisiúin, agus a áirithiú go ndéanfar measúnú comhsheasmhach ar infheistíochtaí a d'fhéadfadh a bheith íogair ar fud an Mhargaidh Aonair.

Príomhnuálaíocht is ea an ceanglas atá ar na Ballstáit uile sásra náisiúnta oibríochtúil *ex ante* um scagadh IDC a choinneáil ar bun. Tugtar isteach leis an Rialachán freisin raon feidhme íosta coiteann d'idirbhearta nach mór a bheith faoi réir scagtha. Áirítear leis sin infheistíochtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí a bhaineann le hítimí dé-úsáide agus míleata, teicneolaíochtaí criticiúla amhail leathsheoltóirí, an intleacht chandamach agus an intleacht shaorga, bonneagar criticiúil in earnálacha an iompair, an fhuinnimh agus na seirbhísí digiteacha, amhábhair

[34] RIALACHÁN (AE) 2026/1386 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 17 Meitheamh 2026 maidir le scagadh a dhéanamh ar infheistíochtaí coigríche isteach san Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2019/452.

chriticiúla, eintitis áirithe de chuid an mhargaidh airgeadais a bhfuil tábhacht shistéamach ag baint leo, agus bonneagar toghcháin.

Leis an gcreat athbhreithnithe, leathnaítear na ceanglais scagtha chuig infheistíochtaí áirithe laistigh den Aontas i gcás ina bhfuil an t-infheisteoir atá bunaithe san Aontas faoi úinéireacht nó faoi rialú deiridh duine nó eintitis tríú tír. Tugann sé sin aghaidh ar an riosca imchéimniúcháin mar gheall ar struchtúir chasta úinéireachta agus feabhsaíonn sé trédhearcacht maidir le foinse deiridh infheistíochtaí coigríche.

Leis an Rialachán, déantar príomhghnéithe nós imeachta na gcóras náisiúnta um scagadh a chomhchuibhiú a thuilleadh. Áirítear ar na ceanglais choiteanna próiseas athbhreithnithe dhá chéim, coimircí nós imeachta d'infheisteoirí, cumhachtaí chun athbhreithniú cúlghabhálach a dhéanamh ar idirbhearta nár tugadh fógra ina leith, agus oibleagáidí trédhearcachta feabhsaithe. Cuirfidh na húdaráis náisiúnta sprioc-am comhchuibhithe 45 lá féilire i bhfeidhm don scagadh tosaigh, rud a fhágfaidh go bhféadfar formhór na n-idirbheart, nach bhfuil íogair, a imréiteach go tapa agus grinnscrúdú leordhóthanach ar chásanna ardriosca á áirithiú ag an am céanna.

Neartaítear an comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún go mór freisin. Le sásra comhair athbhreithnithe an Aontais, tugtar isteach malartuithe faisnéise níos struchtúrtha, comhordú le haghaidh idirbhearta ildlínse, agus sásra aiseolais trína gcuireann na Ballstáit toradh na nósanna imeachta náisiúnta um scagadh in iúl. Tugtar tuilleadh tacaíochta don chreat le bunachar sonraí ar leibhéal an Aontais ina bhfuil faisnéis maidir le hinfheistíochtaí ar tugadh fógra ina leith faoi shásra comhair an Aontais agus torthaí na n-athbhreithnithe náisiúnta ó bhí mí Dheireadh Fómhair 2020 ann. Déantar foráil sa Rialachán freisin go bhféadfaí comhthairseach an Aontais maidir le comhdú a bhunú arna iarraidh sin do naoi mBallstát ar a laghad.

Leis an Rialachán athbhreithnithe, meastar go méadófar éifeachtacht, comhsheasmhacht agus creidiúnacht chreat an Aontais um scagadh IDC. Trí chomhroinnt faisnéise a fheabhsú, trédhearcacht a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sonracha sa chreat atá ann cheana, rannchuidíonn an creat athbhreithnithe go mór le slándáil agus ord poiblí an Aontais a chosaint agus oscailteacht an Aontais i leith infheistíocht choigríche á coinneáil ag an am céanna.